2025/876

8.5.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/876 ÓN gCOIMISIÚN

an 14 Márta 2025

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2174 a mhéid a bhaineann le leanúint de dhálaí margaidh a bheith ann, de réir bhrí Airteagal 35 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 ón gCoimisiún, i ndáil le cuid de na seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt ag aerfoirt Alicante agus Ibiza

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2025) 1525)

(Is é an téacs Spáinnise amháin atá barántúil)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/2803 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2024 maidir le cur chun feidhme an Aerspáis Eorpaigh Aonair ([1]), agus go háirithe Airteagal 37(11) agus Airteagal 58(3) de,

Ag féachaint do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2019 lena leagtar síos scéim feidhmíochta agus muirearaithe le haghaidh an aerspáis Eorpaigh aonair ([2]), agus go háirithe Airteagal 35(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá dálaí margaidh á gcur i bhfeidhm ag an Spáinn faoi láthair chun seirbhísí rialaithe aerthráchta aeradróim a sholáthar sa limistéar muirearaithe críochfoirt ag aerfoirt Alicante agus Ibiza. An 25 Meitheamh 2024, chuir údaráis na Spáinne an Coimisiún ar an eolas go raibh sé beartaithe síneadh a chur le cur i bhfeidhm dálaí margaidh le haghaidh na seirbhísí sin sa dá aerfort go dtí an ceathrú tréimhse thagartha agus go bhfuil na coinníollacha a leagtar síos in Iarscríbhinn X a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 fós á gcomhlíonadh.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 58, an tríú mír, de Rialachán (AE) 2024/2803, leanfaidh na forálacha cur chun feidhme maidir leis an scéim feidhmíochta agus muirearaithe a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 de bheith infheidhme maidir leis an gceathrú tréimhse thagartha de réir bhrí Airteagal 7(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, lena n-áirítear na forálacha a leagtar síos in Airteagal 35 den Rialachán Cur Chun Feidhme seo maidir le seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt faoi dhálaí margaidh.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán (AE) 2024/2803 faoi na coinníollacha a leagtar síos san airteagal sin, féadfaidh na Ballstáit cead a thabhairt d'oibreoirí aerfoirt nó do ghrúpa oibreoirí aerfoirt seirbhísí aerthráchta a fháil le haghaidh rialú aeradróim agus/nó seirbhísí aerthráchta le haghaidh rialú ascnaimh faoi dhálaí margaidh, arb amhlaidh i gcás na Spáinne i ndáil le cuid de na seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt ag aerfoirt Alicante agus Ibiza.

(4) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2174 ón gCoimisiún ([3]) tagraítear do sheirbhísí a sholáthraítear le linn an tríú tréimhse thagartha. Mar sin féin, ós rud é nach gceanglaítear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 go ndéanfar na céimeanna a liostaítear in Airteagal 35(3) arís ag tús gach tréimhse tagartha i gcás ina leanfar de dhálaí margaidh a chur i bhfeidhm, ba cheart síneadh a chur le cur i bhfeidhm Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2174 chun an ceathrú tréimhse thagartha de réir bhrí Airteagal 7 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 a chumhdach freisin.

([1]) IO L, 2024/2803, 11.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2803/oj.
([2]) IO L 56, 25.2.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/317/oj.
([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2174 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 maidir le dálaí margaidh a bheith ann, de réir bhrí Airteagal 35 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 ón gCoimisiún, i ndáil le cuid de na seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt ag aerfoirt Alicante agus Ibiza (IO L 329, 19.12.2019, lch. 95, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2019/2174/oj).

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2174 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2174:

'*Airteagal 1*

Rinneadh an measúnú ar dhálaí margaidh maidir le soláthar seirbhísí rialaithe aerthráchta aeradróim i limistéar muirearaithe críochfoirt na Spáinne ag aerfoirt Alicante agus Ibiza, le linn an tríú agus an ceathrú tréimhse thagartha de réir bhrí Airteagal 7 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, mar a thug an Spáinn fógra ina leith an 29 Iúil 2019 agus an 25 Meitheamh 2024, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Iarscríbhinn X a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.

Ní mór d'údaráis na Spáinne a fhionnadh go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2024/2803 amhail ó dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin sin agus an Coimisiún a chur ar an eolas faoi sin gan moill mhíchuí.'

Airteagal 2

Is chuig Ríocht na Spáinne a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Márta 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
Apostolos TZITZIKOSTAS
Comhalta den Choimisiún